

Rannóg Pholasáí,
Curaclaim agus Measúnachta,
An Roinn Oideachais agus
Scileanna,
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1



Curriculum and Assessment
Policy Unit,
Department of Education and
Skills
Marlborough Street
Dublin 1

Re: Soiléiriú maidir leis an Leasú ar Shocruithe Measúnachta le haghaidh Ealaín na hArdteistiméireachta don chéad scrúdú in 2018

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc i Scoileanna Dara Leibhéal agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Beidh a fhios ag scoileanna, d'fhonn cáilíocht na measúnachta in Ealaín na hArdteistiméireachta a fheabhsú, go bhfuil socruithe leasaithe á gcur i bhfeidhm do scoláirí a bheidh ag dul isteach i mBliain 1 den Ardteistiméireacht i mí Mheán Fómhair 2016 agus a bheidh ag tabhairt faoina scrúduithe in 2018 agus ina dhiaidh sin. Tá eolas faoi na socruithe sin leagtha amach in Imlitir 35/2015 a eisíodh chuig scoileanna i mBealtaine 2015 (ar fáil ag http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0035_2015_ir.pdf).

Rinneadh tástálacha ar na socruithe riachtanacha ar bhonn píolótach, arna thacú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus Seirbhís na Roinne um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí. Mar thoradh ar an bpróiseas tástála seo fuarthas amach nach leor an tréimhse tosaigh (sé seachtaine) a samhlaíodh do chur i gcrích na comhpháirte um *Chumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo* agus na comhpháirte um *Cheardaíocht nó Dearadh* mar obair chúrsa i scoileanna. Mar sin, tá sé molta go gcuirfí níos mó ama ar fáil chun an dá chomhpháirt seo a chur i gcrích.

Is í an tréimhse a bheidh anois ann chun an chomhpháirt um *Chumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo* agus an chomhpháirt um *Cheardaíocht nó Dearadh* a chur i gcrích mar obair chúrsa i scoileanna ná **deich** seachtaine. Tosóidh an tréimhse deich seachtaine seo láithreach i ndiaidh laethanta saoire na Nollag, ach ní bheidh briseadh lár téarma mhí Feabhra san áireamh. Moltar ar a laghad tríocha uair a' chloig de theagmháil sa seomra ranga a chur ar fáil chun comhphárteanna na hoibre chúrsa a sholáthar i rith na tréimhse deich seachtaine seo.

Bainfidh an síneadh seo le scoláirí a bheidh ag dul isteach i mBliain 1 den Ardteistiméireacht i mí Mheán Fómhair 2016 agus a bheidh ag tabhairt faoina scrúduithe in 2018, agus ina dhiaidh sin.

Tabharfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit eolas níos mionsonraí ar na riachtanais agus na socruithe níos faide anall.

Tarraing aird gach múinteora ealaíne sa scoil ar an imlitir seo agus cuir cóip di ar fáil do bhaill de bhord bainistíochta na scoile freisin, le do thoil.

Is féidir teacht ar an imlitir seo freisin ag www.education.ie

Breda Naughton

Príomhoifigeach
An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta
Aibreán 2016